



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0303/2023**

26.10.2023

**\*\*\*I**

## **TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/65/AE chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE  
(COM(2022)0760 – C9-0415/2022 – 2022/0405(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Alfred Sant

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

### Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .....	20
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	22



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/65/AE chun margáí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (COM(2022)0760 – C9-0415/2022 – 2022/0405(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0760),
  - ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'AirteagaIL 50, 51(2) agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0417/2022),
  - ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 23 Márta 2023<sup>1</sup>,
  - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta, ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
  2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

### Leasú 1

#### LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA\*

<sup>1</sup> IO C 184, 25.5.2023, lch. 103.

\* Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scríosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■**.

2022/0405 (COD)

Togra le haghaidh

## **TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2014/65/AE chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50, Airteagal, 53(1) agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>2</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leasaíodh Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>3</sup> le Rialachán (AE) 2019/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>4</sup>, lenar tugadh isteach maoluithe comhréireacha chun feabhas a chur ar úsáid mhargaí fáis FBManna agus chun na ceanglais rialála iomarcacha atá ar eisitheoirí atá ag iarraidh urrúis a ligean isteach ar mhargaí fáis FBManna a laghdú, agus leibhéal iomchuí cosanta d'infheisteoirí agus sláine an mhargaidh á gcaomhnú ag an am céanna. Mar sin féin, chun an próiseas um liostú a chuíchóiriú agus chun an chaoi a gcaitear le cuideachtaí ar bhealach rialála a dhéanamh níos solúbtha agus níos comhréirí lena méid, tá gá le tuilleadh leasuithe ar Threoir 2014/65/AE.
- (2) I dTreoir 2014/65/AE agus i dTreoir Tarmiligthe (AE) 2017/593 ón gCoimisiún<sup>5</sup>, leagtar amach na coinníollacha faoina ndéanfar soláthar taighde infheistíochta ag tríú páirtithe

---

<sup>2</sup> IO C , , lch. .

<sup>3</sup> Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

<sup>4</sup> Rialachán (AE) 2019/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) 2017/1129 a mhéid a bhaineann le húsáid margaí fáis FBManna a chur chun cinn (IO L 320, 11.12.2019, lch. 1).

<sup>5</sup> Treoir Tharmiligthe (AE) 2017/593 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hionstraimí airgeadais agus cistí ar le cliaint iad a chosaint, oibleagáidí um rialachas táirgí agus na rialacha is infheidhme maidir le táillí,

do ghnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn seirbhísí maidir le bainistíocht punainne nó seirbhísí infheistíochta nó coimhdeacha eile a mheas mar aslú. Chun tuilleadh taighde infheistíochta a chothú ar chuideachtaí san Aontas, go háirithe cuideachtaí caipitlithe beaga agus meánmhéide, agus chun infheictheacht níos mó agus ionchas níos mó a thabhairt do na cuideachtaí sin infheisteoirí ionchasacha a mhealladh, is gá leasuithe a thabhairt isteach ar an Treoir sin.

- (3) Leis na forálacha a bhaineann le taighde a leagtar síos i dTreoir 2014/65/AE, ceanglaítear ar ghnólachtaí infheistíochta íocaíochtaí a fhaigheann siad mar choimisiúin bhróicéireachta a dheighilt ón gcúiteamh a mheastar a bhaineann le taighde infheistíochta a sholáthar (“ rialacha maidir le díchuachadh taighde”), nó íoc as taighde infheistíochta as a n-acmhainní féin agus measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an taighde a cheannaíonn siad bunaithe ar chritéir cháilíochta láidre agus ar chumas taighde den sórt sin chun rannchuidiú le cinntí infheistíochta níos fearr. In 2021, leasaíodh na rialacha sin le Treoir (AE) 2021/338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>6</sup> chun go bhféadfaí íocaíochtaí cuachta le haghaidh seirbhísí forghníomhaithe agus taighde le haghaidh cuideachtaí caipitlithe beaga agus meánmhéide faoi bhun caipitliú margaidh de EUR 1 bhilliún. Mar sin féin, níl an meath ar thaighde infheistíochta tar éis moilliú.
- (4) ***I gcomparáid le gnólachtaí móra, is é príomhthréith fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) méid níos ísle taighde anailísithe, dóchúlacht níos airde go gcaillfidh siad cumhdach, caighdeán níos ísle taighde agus leachtacht margaidh thánaisteach theoranta.*** Chun an margadh le haghaidh taighde infheistíochta a athbheochan agus chun cumhdach leordhóthanach taighde ar chuideachtaí a áirithiú, go háirithe ar na cuideachtaí beaga agus meánmhéide chaipitlithe, ***ba cheart*** na rialacha maidir le díchuachadh ***a choigeartú tuilleadh. Ba cheart níos mó solúbthachta a bheith ag gnólachtaí infheistíochta an bealach ar mian leo eagar a chur ar íocaíochtaí seirbhísí forghníomhaithe agus taighde a roghnú. Chun é sin a dhéanamh, áfach, d’éileofaí leibhéal trédhearcachta a choinneáil le cliaint maidir leis an rogha íocaíochta a dhéanann gnólachtaí infheistíochta. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a gcliaint a chur ar an eolas cé acu a chuireann siad íocaíocht ar leithligh nó íocaíocht chomhpháirteach i leith seirbhísí forghníomhaithe agus soláthar taighde tríú páirtí i bhfeidhm. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go bhfaighidh cliaint faisnéis iomchuí trí thaifid a choimeád ar na muirir atá inchurtha i leith seirbhísí taighde agus forghníomhaithe agus freisin trí thuarascáil bhliantúil maidir leis na híocaíochtaí sin a chur ar fáil do chliaint.***
- (4a) ***Ní leor coigeartú na rialacha díchuachta amháin chun margadh na hinfheistíochta taighde a athbheochan agus chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas cumhdach taighde atá ann le fada i gcuideachtaí caipitlithe beaga agus meánmhéide. Níor cheart go mbainfeadh na bearta a thugtar isteach sa Treoir seo an bonn den dul chun cinn atá déanta maidir le trédhearcacht praghsanna, laghdú coinbhleachtaí leasa agus cuspóirí rialála eile MiFID II. Ba cheart bearta breise a thabhairt isteach chun***

---

coimisiúin nó tairbhí airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta ar bith a sholáthar nó a fháil (IO L 87, 31.3.2017, lch. 500).

<sup>6</sup> Treoir (AE) 2021/338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2021 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise, rialachas táirgí agus teorainneacha suímh, agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/878 a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm maidir le gnólachtaí infheistíochta, chun cabhrú leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 (IO L 68, 26.2.2021, lch. 14).

***feabhas a chur ar chumhdach FBManna agus ar chur chun cinn taighde neamhspleách sa mhargadh.***

- (5) Ina theannta sin, chun tacú tuilleadh le cumhdach gcuideachtaí caipitlithe beaga agus meánmhéide trí thaighde infheistíochta, ba cheart ábhar taighde arna íoc go hiomlán nó go páirteach ag eisitheoirí a lipéadú mar “taighde urraithe ag eisitheoirí”. Chun leibhéal leordhóthanach oibiachtúlachta agus neamhspleáchais a áirithiú d’ábhar taighde den sórt sin, ba cheart ábhar den sórt sin a tháirgeadh i gcomhréir le cód iompair arna fhorbairt nó arna fhormhuiniú ag ESMA ***trí bhíthin caighdeáin theicniúla rialála. Chun na críche sin, ba cheart nósanna imeachta rialachais agus eagraíochtúla a bheith i bhfeidhm ag gnólachtaí infheistíochta chun a áirithiú go dtáirgfear an taighde atá urraithe ag an eisitheoir a tháirgeann, a úsáideann nó a dháileann siad i gcomhréir leis an gcód iompair sin agus leis na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaithe uile is gá ag na húdaráis inniúla chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh gnólachtaí infheistíochta na ceanglais sin.*** Chun tacú le níos mó infheictheachta ar thaighde atá urraithe ag an eisitheoir, ba cheart ***d’eisitheoirí a gcuid taighde atá urraithe ag an eisitheoir a chur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin ábhartha mar a shainítear<sup>7</sup> in [Airteagal 2(2)] de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>7</sup>.***
- (6) Le Treoir 2014/65/AE, tugadh isteach catagóir an mhargaidh fáis FBManna chun infheictheacht agus próifíl na margaí a bhfuil saineolas acu ar FBManna a mhéadú agus chun forbairt comhchaighdeáin rialála a chothú san Aontas maidir le margaí a bhfuil saineolas acu ar FBManna. Tá feidhm lárnach ag margaí fáis na FBManna maidir le rochtain ar chaipiteal a éascú do na heisitheoirí beaga sin trí fhreastal ar a gcuid riachtanas. Chun forbairt na margaí speisialaithe sin a chothú agus chun an t-ualach eagraíochtúil atá ar oibreoirí saoráidí trádála iltaobhacha (MTFanna) a theorannú, is gá cead a thabhairt do deighleog MTF iarratas a dhéanamh chun bheith ina margadh fáis FBM ar choinníoll go bhfuil deighleog den sórt sin scartha go soiléir ón gcuid eile den MTF.
- (6a) ***Ba cheart go gceanglódh na Ballstáit i leith ionstraim airgeadais eisitheora a ligtear isteach chun a trádála ar mhargaidh fáis FBM nach féidir í a thrádáil freisin in ionad trádála eile ach amháin más rud é gur cuireadh an t-eisitheoir ar an eolas agus nár chuir sé ina choinne. Is minic gur de chineál neamhleachtach iad scaireanna in FBManna toisc go bhfuil caipitliú margaidh níos lú agus méid trádála níos ísle acu. Dá bhrí sin, ba cheart d’eisitheoirí a bheith in ann agóid a dhéanamh i gcoinne a dtrádála ar ionad trádála eile, ós rud é go bhféadfadh sé sin na rioscaí a bhaineann le hilroinnt leachtachta a laghdú.***
- (7) Le Treoir 2001/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>8</sup>, leagtar síos rialacha maidir le liostú ar mhargaí an Aontais. Is é is aidhm don Treoir sin comhordú a dhéanamh ar na rialacha maidir le hurrúis a ligean isteach sa liostú oifigiúil

<sup>7</sup> ***Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí agus atá ábhartha do sheirbhísí airgeadais, do mhargaí caipitil agus don inbhuanaitheacht (IO L ... ELI...)***

<sup>8</sup> Treoir 2001/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le hurrúis a ghlacadh ar liostú oifigiúil stocmhalartáin agus le faisnéis a fhoilseofar faoi na hurrúis sin (IO L 184, 6.7.2001, lch. 1).



stocmhalartáin agus maidir le faisnéis atá le foilsiú maidir leis na hurrúis sin chun cosaint choibhéiseach a chur ar fáil d'infheisteoirí ar leibhéal an Aontais. Leis an Treoir sin, leagtar síos freisin rialacha an chreata rialála agus maoirseachta do mhargaí príomhúla an Aontais. Le linn na mblianta, rinneadh Treoir 2001/34/CE a leasú go suntasach roinnt uaireanta. Tá Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>9</sup> agus Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>10</sup> tagtha in ionad fhorfhóir na bhforálacha lena gcomhchuíbítear na coinníollacha maidir le faisnéis a sholáthar i ndáil le hiarrataí ar urrúis a ligean isteach sa liostú oifigiúil stocmhalartáin agus an fhaisnéis maidir le hurrúis a ligtear isteach chun a dtrádála, agus tá codanna móra de Threoir 2001/34/CE curtha ar iomarcaíocht acu. Le Treoir 2001/34/CE mar Threoir chomhchuíbhithe íosta, tugtar rogha sách leathan do na Ballstáit imeacht ó na rialacha a leagtar síos sa Treoir sin, as a dtagann ilroinnt sa mhargadh san Aontas. Chun comhchuíbhiú an mhargaidh a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus chun leabhar rialacha aonair a chruthú, ba cheart Treoir 2001/34/CE a aisghairm.

- (8) Le Treoir 2014/65/AE, cosúil le Treoir 2001/34/CE, déantar foráil do rialáil margáí ionstraimí airgeadais agus neartaítear cosaint infheisteoirí san Aontas. Leagtar amach freisin i dTreoir 2014/65/AE rialacha maidir le hionstraimí airgeadais a ligean isteach chun trádála. Trí raon feidhme Threoir 2014/65/AE a leathnú chun forálacha sonracha ó Threoir 2001/34/CE a chumhdach, áiríteofar go gcoinneofar gach foráil ábhartha ó Threoir 2001/34/CE. Tá roinnt forálacha de Threoir 2001/34/CE, lena n-áirítear na ceanglais maidir le saor-chomhlúthacht agus caipitliú margaidh a bhfuil feidhm acu fós, forfheidhmithe ag údaráis inniúla agus meastar iad a bheith ina rialacha tábhachtacha chun go bhféadfaidh rannpháirtithe margaidh scaireanna ar mhargaí rialáilte san Aontas a ligean isteach chun a dtrádála. Is gá, dá bhrí sin, na rialacha sin i dTreoir 2014/65/AE a aistriú chun coinníollacha íosta sonracha a leagan amach i bhforáil nua den Treoir sin maidir le scaireanna ar mhargaí rialáilte a ligean isteach chun a dtrádála. Ba cheart go gcomhlánódh cur i bhfeidhm na forála nua sin na forálacha ginearálta maidir le hionstraimí airgeadais a ligean isteach chun a dtrádála a leagtar síos i dTreoir 2014/65/AE.
- (9) Ionas go mbeidh níos mó solúbthachta ag eisitheoirí agus chun margáí caipitil an Aontais a dhéanamh níos iomaíche, ba cheart an t-íoscheanglas maidir le saor-chomhlúthacht a laghdú go 10%, ar tairseach í lena n-áiríteofar leibhéal leordhóthanach leachtachta sa mhargadh. Tagraíonn an ceanglas maidir le saor-chomhlúthacht a leagtar síos i dTreoir 2001/34/CE go bhfuil líon leordhóthanach scaireanna le dáileadh ar an bpobal i mBallstát amháin nó níos mó don phobal laistigh den Aontas agus laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (AE/LEE). Níor cheart an srian geografach sin ar an gceanglas maidir le saor-chomhlúthacht chuig an AE/LEE a choimeád toisc nach bhforáiltear le Treoir 2014/65/EU don srian sin maidir le hionstraimí airgeadais a ligtear isteach chun a dtrádála. Níor cheart an ceanglas go ndéanfadh cuideachta a cuntais bhliantúla a fhoilsiú nó a chomhdú ar feadh tréimhse

<sup>9</sup> Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis an réamheolaire a bheidh le foilsiú nuair a thairgfear urrúis don phobal nó nuair a ligfear isteach iad chun a dtrádála agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 345, 31.12.2003, lch. 64).

<sup>10</sup> Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuíbhiú ceanglas trédhearachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

shonrach ama a aistriú chuig Treoir 2014/65/AE ós rud é go bhfuil foráil chuige sin ag Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>11</sup> cheana féin. Leagtar síos cheana forálacha i dTreoir 2014/65/AE chun údaráis inniúla a ainmniú. Dá bhrí sin, tá na forálacha a leagtar síos i dTreoir 2001/34/CE chun údarás inniúil amháin nó níos mó a cheapadh iomarcach. Meastar go bhfuil an ceanglas maidir le hurrúis fiachais nach bhfuil méid na hiasachta níos lú ná EUR 200 000 imithe i léig i bhfianaise chleachtas reatha an mhargaidh.

- (10) Ní minic a úsáidtear an coincheap maidir le hurrúis a ligean isteach chuig liostú oifigiúil ar stocmhalartáin dá bhforáiltear i dTreoir 2001/34/CE a thuilleadh i bhfianaise forbairtí sa mhargadh, toisc go bhforáiltear cheana féin i dTreoir 2014/65/AE don choincheap ‘ionstraimí airgeadais a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte’. Is minic a úsáidtear an dá choincheap “ligean isteach i liostú oifigiúil” agus “ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte” go hidirmhalartaithe i roinnt Ballstát. Ciallaíonn sé sin, i mBallstáit áirithe, nach ndéantar aon idirdhealú idir an dá choincheap. Ina theannta sin, d’fhéadfadh éiginnteacht dhlíthiúil a bheith ann ar leibhéal an Aontais mar thoradh ar an déchóras um ligean isteach chun a dtrádála, ar thaobh amháin, agus ligean isteach i liostú oifigiúil, ar an taobh eile, go háirithe toisc nach bhfuil feidhm ag na ceanglais a leagtar síos i dTreoir 2003/71/CE, i dTreoir 2004/109/CE agus i dTreoir 2014/57/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>12</sup> maidir le hionstraimí a ligtear isteach sa liostú oifigiúil, cé go bhfuil feidhm ag na ceanglais sin maidir le hionstraimí a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.
- (11) Chun feabhas a chur ar infheictheacht cuideachtaí liostaithe, go háirithe FBManna, agus chun coinníollacha maidir le liostú a oiriúnú chun feabhas a chur ar cheanglais eisitheoirí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le Treoir 2014/65/AE a leasú. ***Ba cheart deireadh a chur leis an tairseach le haghaidh caipitliú margaidh do chuideachtaí, a bhféadfadh táillí as forghníomhú trádála agus as taighde a athchuacadh a bheith ann ina leith, agus coimircí á dtabhairt isteach chun cosaint infheisteoirí a áirithiú agus leibhéal trédhearcachta a choinneáil maidir leis na costais a bhaineann le taighde.*** Ba cheart go léireodh oiriúnú na rialacha maidir le liostú san Aontas cleachtas an mhargaidh chun go mbeidh sé éifeachtach agus chun go gcuirfean an iomaíocht chun cinn. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr<sup>13</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmlichte a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmlichte.

<sup>11</sup> Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsíú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12).

<sup>12</sup> Treoir 2014/57/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le smachtbhannaí coiriúla ar dhrochúsáid mhargaidh (an treoir maidir le drochúsáid mhargaidh) (IO L 173, 12.6.2014, lch. 179).

<sup>13</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (12) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/65/AE a leasú dá réir sin.
- (13) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon rochtain cuideachtaí beaga agus meánmhéide ar mhargaí caipitil an Aontais a éascú agus comhleanúnachas rialacha maidir le liostú an Aontais a mhéadú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr na bhfeabhsuithe agus na n-éifeachtaí a lorgaítear, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais ar bhealach níos fearr, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*  
**Leasuithe ar Threoir 2014/65/AE**

Leasaítear Treoir 2014/65/AE mar a leanas:

- (1) in Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (12):  
‘(12) ciallaíonn ‘margadh fáis FBManna’ MTF, nó deighleog de MTF, atá cláraithe mar mhargadh fáis FBManna i gcomhréir le hAirteagal 33;’;
- (2) Leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:
- (a) cuirtear na míreanna ■ seo a leanas isteach:

‘3a. maidir le taighde **arna úsáid nó arna dháileadh ar chliaint nó ar chliaint ionchasacha** ag ■ gnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn bainistíocht punainne nó seirbhísí infheistíochta nó coimhdeacha eile, **agus ar taighde é arna tháirgeadh ag na gnólachtaí sin, nó arna tháirgeadh ag tríú páirtithe agus arna sholáthar do na gnólachtaí sin**, beidh sé cothrom agus soiléir agus ní bheidh sé míthreorach. Beidh taighde so-aitheanta go soiléir nó i dtéarmaí comhchosúla, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha go léir is infheidhme maidir leis an taighde.

3b. I gcás ina n-íocfaidh an t-eisitheoir an taighde, go hiomlán nó go páirteach, agus go scaipfear é ar an bpobal nó ar ghnólachtaí infheistíochta nó ar chliaint gnólachtaí infheistíochta a chuireann seirbhísí maidir le bainistíocht punainne nó seirbhísí infheistíochta nó coimhdeacha eile ar fáil, déanfar an taighde sin a lipéadú mar ‘taighde atá urraithe ag an eisitheoir’ ar choinníoll go dtáirgtear é i gcomhréir le cód iompair **de chuid Aontais** le haghaidh **taighde atá urraithe ag an eisitheoir** a fhorbróidh **ESMA i gcomhréir leis an dara fomhír.**

***Forbróidh EMSA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun cód iompair comhchuibhithe an Aontais a bhunú le haghaidh taighde atá urraithe ag an eisitheoir.*** Leagfar amach sa chód iompair na híoschaighdeáin neamhspleáchais agus oibiachtúlachta a bheidh le comhlíonadh ag soláthraithe an taighde sin, **agus sonrúfar ann nósanna imeachta maidir le sainiú agus le coinbhleachtaí leasa a sheachaint.**

***Chun críche na caighdeáin theicniúla rialála sin a fhorbairt, cuirfidh ESMA san áireamh cóid iompair ábhartha a bunáidh ar an leibhéal***

*náisiúnta. Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].*

*Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fómhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle\*.*

*Déanfar an cód iompair uile-Aontais le haghaidh taighde atá urraithe ag an eisitheoir a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin ESMA.*

- 3c. *Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh aon eisitheoir a chuid taighde urraithe ag eisitheoir, dá dtagraítear i mír 3b den Airteagal seo, a chur faoi bhráid an chomhlachta ábhartha bailiúcháin mar a shainmhínítear in [Airteagal 2(2) / de Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle\*\* .*

*Agus an fhaisnéis sin á cur faoi bhráid an chomhlachta bailiúcháin aige, áiritheoidh an t-eisitheoir go bhfuil meiteashonraí ag gabháil leis ina sonraítear go gcomhlíonann an fhaisnéis cód iompair an Aontais le haghaidh taighde atá urraithe ag an eisitheoir ach nach measfar gur faisnéis rialáilte í de réir bhrí Threoir 2004/109/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ná taighde infheistíochta de réir bhrí Threoir 2014/65/AE agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sí faoi réir an leibhéil chéanna grinnscrúdaithe rialála agus atá san fhaisnéis rialáilte nó sa taighde infheistíochta sin.*

- 3d. *Léireoidh taighde a lipéadaítear mar thaighde urraithe ag eisitheoir ar a leathanach tosaigh ar bhealach soiléir feiceálach gur ullmhaíodh é i gcomhréir le cód iompair an Aontais dá dtagraítear i mír 3b. Déanfar aon ábhar taighde eile a íocann an t-eisitheoir go hiomlán nó go páirteach ach nach n-ullmhaítear i gcomhréir le cód iompair an Aontais amhail dá dtagraítear i mír 3b, a lipéadú mar chumarsáid mhargaíochta. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaitheacha is gá ag na húdaráis inniúla chun forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh chód iompair an Aontais dá dtagraítear i mír 3b ag gnólachtaí infheistíochta a tháirgeann nó a úsáideann taighde urraithe ag an eisitheoir.’;*

- (b) **leasaítear mír 9a** *mar a leanas:*

*(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:*

*‘9a. Áiritheoidh na Ballstáit go measfar go ndéanann soláthar taighde ag triú páirtithe do ghnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn bainistiú punainne nó seirbhísí infheistíochta nó coimhdeacha eile na hoibleagáidí faoi mhír 1 a chomhlíonadh más rud é:*

*(a) go bhfuil comhaontú déanta idir an gnólacht infheistíochta agus an soláthraí taighde, ina sainithnítear an chuid d’aon mhuirir*

*chomhcheangailte nó d'aon íocaíochtaí comhpháirteacha i leith seirbhísí forghníomhaithe agus taighde is inchurtha i leith taighde;*

*(b) go gcuirfidh an gnólacht infheistíochta a chliaint ar an eolas faoi na híocaíochtaí ar leithligh nó na híocaíochtaí comhpháirteacha, de réir mar is infheidhme, as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde arna ndéanamh le soláthraithe taighde tríú páirtí, agus faoi na hiarmhairtí a bhaineann le híocaíochtaí ar leithligh nó íocaíochtaí comhpháirteacha a roghnú don chliant; agus*

*(c) déanann an gnólacht infheistíochta measúnú rialta ar cháilíocht agus ar phraghas an taighde a úsáidtear bunaithe ar chritéir láidre cháilíochta agus phraghais agus ar a chumas rannchuidiú le cinní infheistíochta níos fearr. Forbróidh ESMA treoirlínte do ghnólachtaí infheistíochta chun críche na measúnuithe sin a dhéanamh.*

*(ii) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach:*

*Áiritheoidh na Ballstáit freisin go measfar go gcomhlíonann soláthar taighde ag tríú páirtithe do ghnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn bainistiú punainne nó seirbhísí infheistíochta nó coimhdeacha eile do chliaint na hoibleagáidí faoi mhír 1 más soláthraí taighde neamhspleách nach bhfuil ag gabháil do sheirbhísí forghníomhaithe agus nach bhfuil mar chuid de ghrúpa seirbhísí airgeadais lena n-áirítear gnólacht infheistíochta a thairgeann seirbhísí forghníomhaithe nó bróicéireachta a sholáthraíonn an taighde.*

*Coimeádfaidh gnólachtaí infheistíochta taifead d'íocaíochtaí ar leithligh agus baileoidh siad faisnéis ina ndéanfar idirdhealú idir an chuid de mhuirir chomhcheangailte nó íocaíochtaí comhpháirteacha as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde atá inchurtha i leith taighde a chuirtear ar fáil dóibh. Cuirfidh gnólachtaí infheistíochta a gcliaint ar an eolas go bliantúil, i bhfoirm chomhiomlán, faoina gcaiteachas bliantúil ar thaighde atá inchurtha i leith cliant.*

*Áiritheoidh na Ballstáit nach gceanglófar ar sholáthraithe tríú páirtí taighde íocaíocht chomhpháirteach as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde ó ghnólachtaí infheistíochta a éascú. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go mbeidh gnólachtaí infheistíochta a cheannaíonn taighde ó sholáthraithe taighde tríú páirtí in ann íoc ar leithligh i gcónaí as na seirbhísí forghníomhaithe agus as an taighde a fhaigheann siad.*

*Faoin... [3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], ullmhóidh ESMA tuarascáil ina mbeidh measúnú cuimsitheach ar fhorbairtí sa mhargadh maidir le taighde de réir bhí an Airteagail seo. Cuimseofar sa mheasúnú sin, ar a laghad, cumhdach taighde na ngnólachtaí liostaithe, costais agus cáilíocht an taighde sin, tionchar na n-íocaíochtaí comhpháirteacha ar an mbealach is fearr a chuireann gnólachtaí infheistíochta i gcrích, an sciar d'íocaíochtaí ar leithligh agus comhpháirteacha arna ndéanamh ag gnólachtaí infheistíochta le soláthraithe tríú páirtí as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde, agus an leibhéal a chomhlíonann infheisteoirí agus ceannaitheoirí eile an t-éileamh ar thaighde.*

*Bunaithe ar an tuarascáil sin, féadfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le hathruithe ar na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo maidir le taighde.*

(c) *cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

*9b. Eagróidh ESMA nós imeachta chun margadh taighde deonach uile-Aontais a bhunú a dhíreoidh ar thaighde ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus tairiscintí tosaigh don phobal (IPONna). Is trí ranníocaíochtaí seasta ó ghnólachtaí rannpháirteacha a dhéanfar an margadh taighde a chistiú. Déanfaidh soláthraithe taighde neamhspleácha taighde a choimisiúnú.*

*Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina leagfar amach na coinníollacha chun margadh taighde deonach uile-Aontais a bhunú maidir le taighde ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas ar a laghad:*

*(a) na coinníollacha chun dul isteach sa mhargadh taighde;*

*(b) prionsabail an rialachais;*

*(c) na socrúithe cistiúcháin*

*(d) clúdach taighde an mhargaidh taighde.*

*Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].*

*Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*

---

\* *Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáil), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).*

\*\* *Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena mbunaítear Pointe Rochtana Aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí agus atá ábhartha do sheirbhísí airgeadais, do mhargáil caipitil agus don inbhuanaitheacht (IO L ..., ..., lch. ...).’ ELI:....).*

\*\*\* *Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisiitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).’;*

(2a) *Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:*

(a) *i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:*

*‘1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta na céimeanna leordhóthanacha uile a ghlacadh, le linn dóibh orduithe a fheidhmiú, chun an toradh is fearr is féidir a bhaint amach dá gcliaint agus an praghas, na costais, luas, dóchúlacht an fhorghníomhaithe agus an tsocraithe, méid, cineál, soláthar taighde infheistíochta, nó aon bhreithniú eile is ábhartha chun an t-ordú a fhorghníomhú á gcur san áireamh. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil treoir shonrach ón gcliaint, forghníomhóidh an gnólacht infheistíochta an t-ordú i gcomhréir leis an treoir shonrach sin.’;*

(ab) *cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

*‘1a. Forbróidh ESMA treoirlínte maidir leis an gcaoi ar féidir le gnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn bainistiú punainne nó seirbhísí infheistíochta nó coimhdeacha eile do chliaint a n-oibleagáidí um dhea-fhorghníomhú a chomhlíonadh i gcás ina n-úsáideann an gnólacht infheistíochta comhiocaithe le haghaidh seirbhísí forghníomhaithe agus taighde mar a cheadaítear faoi Airteagal 24(9a).’;*

(3) *Leasaítear Airteagal 33 mar a leanas:*

(a) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:*

*‘1. Forálfaidh na Ballstáit go bhféadfaidh oibreoir MTF iarratas a dhéanamh chuig a údarás inniúil baile chun MTF, nó deighleog de, a chlárú mar mhargadh fáis FBM.*

*2. Forálfaidh na Ballstáit go bhféadfaidh an t-údarás inniúil baile an MTF, nó deighleog de, a chlárú mar mhargadh fáis FBM má fhaigheann an t-údarás inniúil iarratas dá dtagraítear i mír 1 agus má tá sé sásta go bhfuil na ceanglais i mír 3 á gcomhlíonadh i ndáil leis an MTF, nó go bhfuil na ceanglais i mír 3a á gcomhlíonadh i ndáil le deighleog de MTF.’;*

(b) *cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*

*‘3a. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an deighleog ábhartha den MTF faoi réir rialacha, córais agus nósanna imeachta éifeachtacha lena n-áirithítear gur comhlíonadh na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3 agus na coinníollacha seo a leanas uile:*

(a) *tá deighleog an MTF atá cláraithe mar ‘mhargadh fáis FBManna’ deighilte go soiléir ó na codanna eile den mhargadh atá á n-oibriú ag oibreoir an MTF, rud a léirítear *inter alia* le hainm difriúil, le leabhar rialacha difriúil, le straitéis mhargaíochta dhifriúil, agus le poiblíocht dhifriúil, chomh maith le leithdháileadh sonrach den chód sainaitheantais margaidh ar dheighleog an mhargaidh fáis FBM;*

- (b) go ndéantar idirdhealú soiléir idir na hidirbhearta a dhéantar ar an ndeighleog shonrach den mhargadh fáis FBManna agus gníomhaíocht mhargaidh eile laistigh de na deighleoga eile den MTF;
  - (c) arna iarraidh sin d'údarás inniúil an MTF, soláthróidh an MTF liosta cuimsitheach de na hionstraimí atá liostaithe ar dheighleog an mhargaidh fáis do FBManna lena mbaineann, chomh maith le haon fhaisnéis maidir le hoibriú dheighleog an mhargaidh fáis FBManna a fhéadfaidh an t-údarás inniúil a iarraidh.?’;
- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 go mír 8:

‘4. Tá na critéir a leagtar síos i mír 3 agus 3a gan dochar do chomhlíonadh ag an ngnólacht infheistíochta nó ag an oibreoir margaidh a oibríonn an MTF, nó deighleog de, le hoibleagáidí eile faoin Treoir seo a bhaineann le hoibriú MTFanna. ***Ní chuireann na critéir sin cosc ar an ngnólacht infheistíochta ná ar an oibreoir margaidh a bhfuil MTF á oibriú aige ceanglais a fhorchur sa bhreis orthu sin a leagtar síos i míreanna 3 agus 3a.***

5. Forálfaidh na Ballstáit go bhféadfaidh an t-údarás inniúil baile MTF, nó deighleog de, a dhíchhlárú mar mhargadh fáis FBM in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

- (a) cuireann an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a oibríonn an MTF, nó deighleog de, iarratas isteach chun é a dhíchhlárú;
- (b) nach gcomhlíontar na ceanglais i mír 3 nó i mír 3a a thuilleadh i ndáil leis an MTF, nó le cuid de.

6. Ceanglóidh na Ballstáit, má chláraíonn nó má dhíchláraíonn údarás inniúil baile MTF, nó deighleog de, mar mhargadh fáis FBM faoin Airteagal seo, go dtabharfaidh an t-údarás sin fógra don ESMA a luaithe is féidir maidir leis an gclárú nó an díchlárú sin. Foilseoidh ESMA liosta de mhargaí fáis FBM ar a shuíomh gréasáin agus coinneoidh sé an liosta sin cothrom le dáta.?’;

***7. Ceanglóidh na Ballstáit i leith ionstraim airgeadais eisitheora a ligtear isteach chun a trádála ar mhargaidh fáis FBM nach féidir í a thrádáil freisin in ionad trádála eile ach amháin más rud é gur cuireadh an t-eisitheoir ar an eolas go cuí agus nár chuir sé ina choinne.***

***Forbróidh ESMA treoirlínte maidir leis na modhanna cumarsáide a úsáidtear agus na hamlínte ábhartha.***

8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 89 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na ceanglais a leagtar síos i mír 3 agus i mír 3a den Airteagal seo a shonrú tuilleadh. Cuirfear san áireamh leis na ceanglais sin an gá atá lehardleibhéal cosanta infheisteora a choinneáil chun muinín infheisteora sna margáí sin a chur chun cinn agus, ag an am céanna, na hualaí riaracháin atá ar eisitheoirí ar an margadh a íoslaghódú. Cuirfidh siad san áireamh freisin nach dtarlaíonn díchlárúcháin ná nach ndiúltófar clárúcháin ach amháin mar gheall ar mhainneachtain shealadach an ceanglas a leagtar síos i mír 3, pointe (a), den Airteagal seo a chomhlíonadh.?’;



(4) Cuirtear isteach **█** an *t-airteagal* seo a leanas:

‘Airteagal 51a

**Coinníollacha sonracha maidir le scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála**

1. Ceanglóidh na Ballstáit gurb é EUR 1 000 000 ar a laghad nó méid in airgeadra náisiúnta seachas an Euro a bheidh i gcaipitliú margaidh intuartha na scaireanna a bhfuiltear ag iarraidh iad a ligean isteach chun trádála ina leith, nó mura féidir é sin a mheasúnú, caipiteal agus cúlchistí na cuideachta, lena n-áirítear brabús agus caillteanas, ón mbliain airgeadais seo caite.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1, áfach, maidir le scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar scaireanna iad atá idirmhalartach le scaireanna a ligeadh isteach chun a dtrádála cheana féin.

3. Más rud é, mar thoradh ar choigeartú ar mhéid coibhéiseach an Euro san airgeadra náisiúnta, go bhfanann an caipitliú margaidh a léirítear san airgeadra náisiúnta ar feadh tréimhse bliana amháin ar a laghad de 10 % thart ar luach EUR 1 000 000, déanfaidh an Ballstát, laistigh de 12 mhí tar éis don tréimhse sin dul in éag, a dhlíthe, a rialacháin nó a fhorálacha riaracháin a choigeartú chun mír 1 a chomhlíonadh.

4. *Áiritheoidh* na Ballstáit *go gceanglófar* le margaí rialáilte *go* sealbhóidh an pobal, *tráth a ligean isteach chun trádála*, 10% ar a laghad den chaipiteal suibscríofa arb ionannas dó an aicme scaireanna lena mbaineann an t-iaratas ar ligean isteach chun a dtrádála.

5. I gcás inar lú ná 10% den chaipiteal suibscríofa an céatadán de scaireanna atá ag an bpobal, áiritheoidh na Ballstáit go n-éileoidh margaí rialáilte go ndéanfar leorlón scaireanna a dháileadh ar an bpobal chun an ceanglas a leagtar síos i mír 4 a chomhlíonadh.

6. I gcás ina lorgáitear scaireanna a ligtear isteach chun a dtrádála, ar scaireanna iad atá idirmhalartach le scaireanna a ligtear isteach chun a dtrádála cheana féin, déanfaidh margaí rialáilte measúnú, d’fhonn an ceanglas atá leagtha síos i mír 4 a chomhlíonadh, an ndearnadh leorlón scaireanna a dháileadh ar an bpobal i ndáil leis na scaireanna go léir a eisíodh agus ní hamháin i ndáil leis na scaireanna sin atá inmhalartaithe le scaireanna a ligeadh isteach chun a dtrádála cheana féin.

7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 89 chun an Treoir seo a leasú trí na tairseacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 nó i míreanna 4 agus 5 a mhodhnú, nó sa dá chás, nuair a chuireann na tairseacha is infheidhme bac ar an leachtacht ar mhargaí poiblí agus na forbairtí airgeadais á gcur san áireamh.’;

**(4a) in Airteagal 69(2), an chéad fhomhír, cuirtear an pointe seo a leanas léi:**

**‘(v) maoirseacht a dhéanamh i dtaobh an bhfuil gnólachtaí infheistíochta tháirgeann nó a scaipeann taighde atá urraithe ag an eisitheoir á dhéanamh sin i gcomhréir le cód iompair an Aontais a fhorbróidh ESMA dá dtagraítear in Airteagal 24.’;**

(5) Leasaítear Airteagal 89 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

‘2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(3), Airteagal 2(4), Airteagal 4(1)(2), an dara fómhír, Airteagal 4(2), Airteagal 13(1), Airteagal 16(12), Airteagal 23(4), Airteagal 24(13), Airteagal 25(8), Airteagal 27(9), Airteagal 28(3), Airteagal 30(5), Airteagal 31(4), Airteagal 32(4), Airteagal 33(8), Airteagal 51a(7), Airteagal 52(4), Airteagal 54(4), Airteagal 58(6), Airteagal 64(7), Airteagal 65(7) agus Airteagal 79(8) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(3), Airteagal 2(4), Airteagal 4(1)(2), an dara fómhír, Airteagal 4(2), Airteagal 13(1), Airteagal 16(12), Airteagal 23(4), Airteagal 24(13), Airteagal 25(8), Airteagal 27(9), Airteagal 28(3), Airteagal 30(5), Airteagal 31(4), Airteagal 32(4), Airteagal 33(8), Airteagal 51a(7), Airteagal 52(4), Airteagal 54(4), Airteagal 58(6), Airteagal 64(7), Airteagal 65(7) agus Airteagal 79(8) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(3), Airteagal 2(4), Airteagal 4(1)(2), an dara fómhír, Airteagal 4(2), Airteagal 13(1), Airteagal 16(12), Airteagal 23(4), Airteagal 24(13), Airteagal 25(8), Airteagal 27(9), Airteagal 28(3), Airteagal 30(5), Airteagal 31(4), Airteagal 32(4), Airteagal 33(8), Airteagal 51a(7), Airteagal 52(4), Airteagal 54(4), Airteagal 58(6), Airteagal 64(7), Airteagal 65(7) nó Airteagal 79(8) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’.

#### *Airteagal 2*

#### ***Treoir 2001/34/CE a aisghairm***

Aisghairtear Treoir 2001/34/CE amhail ón ... [IO cuir isteach an dáta = 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

#### *Airteagal 3*

#### ***Trasuí***

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [IO: cuir isteach an dáta le do thoil = 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ... [IO: cuir isteach an dáta le do thoil = 18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear faoin Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 4*  
***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*  
*Seolaithe*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	Leasú ar Threoir 2014/65/AE chun margáí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE	
<b>Tagairtí</b>	COM(2022)0760 – C9-0415/2022 – 2022/0405(COD)	
<b>Dáta tíolactha chun PE</b>	8.12.2022	
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 1.2.2023	
<b>Coistí ar iarradh tuairim orthu</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 1.2.2023	JURI 1.2.2023
<b>Gan tuairim a thabhairt</b> Dáta an chinnidh	JURI 31.1.2023	
<b>Coistí comhlachaithe</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 15.6.2023	
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Alfred Sant 25.1.2023	
<b>Pléite sa choiste</b>	30.8.2023	
<b>Dáta an ghlactha</b>	24.10.2023	
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 53	–: 0
	0:	0
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Rasmus Andresen, Anna-Michelle Asimakopoulou, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Markus Ferber, Jonás Fernández, Giuseppe Ferrandino, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Claude Gruffat, José Gusmão, Eero Heinäluoma, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, Othmar Karas, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtos, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Siegfried Mureşan, Caroline Nagtegaal, Denis Nesci, Luděk Niedermayer, Dimitrios Papadimoulis, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Eva Maria Poptcheva, Evelyn Regner, Antonio Maria Rinaldi, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Paul Tang, Irene Tinagli, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt, Stéphanie Yon-Courtin	
<b>Comhaltáí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Damien Carême, Eider Gardiazabal Rubial, Martin Hlaváček, Chris MacManus, Margarida Marques, Laurence Sailliet	
<b>Comhaltáí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Theresa Bielowski, Anna Bonfrisco, Elena Lizzi	
<b>Dáta don chur síos</b>	26.10.2023	



## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

53	+
ECR	Denis Nesci, Dorien Rookmaker, Johan Van Overtveldt
ID	Anna Bonfrisco, Elena Lizzi, Antonio Maria Rinaldi
PPE	Anna-Michelle Asimakopoulou, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Aušra Maldeikienė, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Laurence Sailliet, Ralf Seekatz, Inese Vaidere
Renew	Gilles Boyer, Giuseppe Ferrandino, Martin Hlaváček, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtos, Caroline Nagtegaal, Eva Maria Poptcheva, Stéphanie Yon-Courtin
S&D	Marek Belka, Theresa Bielowski, Jonás Fernández, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Margarida Marques, Pedro Marques, Evelyn Regner, Alfred Sant, Joachim Schuster, Paul Tang, Irene Tinagli
The Left	José Gusmão, Chris MacManus, Dimitrios Papadimoulis
Verts/ALE	Rasmus Andresen, Damien Carême, Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Philippe Lamberts, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen

0	-

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh